Gnó na hArdteistiméireachta
Briathra Gnímh

Déantar cur síos ar gach briathar gnímh i dtéarmaí na rudaí ba cheart a bheith ar chumas an scoláire ach an toradh foghlama a bhaint amach. Déanfar an ghluais seo a ailíniú leis na focail ordaitheacha a úsáidtear sa mheasúnú.

Briathar Gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Aithint (foinsí)	foinsí eolais a aithint go sainiúil
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Cuir i láthair	rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a mheasúnú
Cuir luach ar	brí a aithint, luach a fhágáil air, nó an tábhacht atá aige nó tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud
Cuir síos	cuntas mionsonraithe a thabhairt ar phríomhphointí topaice ag baint úsáid as focail, léaráidí, samplaí agus/nó íomhánna nuair is cuí
Déan	tabhair faoi ghníomhaíocht
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd
Faigh amach	a bhunú nó a fháil amach bunaithe ar fhaisnéis tar éis imscrúdú de ghnáth
Forbair	éabhlóidiú; rud a dhéanamh soiléir nó a leathnú amach ó thaobh sonraí de
Idirdhealaigh	na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir
Iniúchadh	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus/nó teacht ar chonclúidí nua
Léirmhínigh	eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar
Meas	luach ruda a mheasúnú nó breithiúnas a thabhairt ina thaobh
Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Measúnaigh (sonraí)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Mínigh	mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna
Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí agus a bhfuil fianaise chuí mar thacaíocht aige
Ríomh	teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach
Sainaithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
Scrúdaigh	breathnú go grinn ar argóintí, sonraí, faisnéis, coincheapa agus/nó scéalta d'fhonn bunús, toimhdí, peirspictíochtaí, treochtaí agus/nó caidrimh a nochtadh
Sintéisigh	smaointe éagsúla a chur le chéile chun tuiscint nua nó tuiscint fheabhsaithe a chruthú
Tabhair breac-chuntas	na príomhphointí a thabhairt; na pointí faisnéise riachtanacha amháin a thabhairt
Tabhair breithmeas	píosa saothair nó eolas a mheasúnú, a bhreith nó a mheas
Tabhair le fios	réiteach/réitigh, hipitéis nó freagra(í) féideartha eile a mholadh
Taifead	rudaí a dhoiciméadú i scríbhinn nó go digiteach ar mhaithe le fianaise a chaomhnú
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil

CC BY NC